Plean maidir le Ceacht Tíreolaíochta Sraithe Sóisearaí

Fuinneamh Gaoithe

Nasc curaclaim

Cuid A: Gnáthóg dhaonna – próisis agus athrú.

Eochairsmaoineamh

Anseo in Éirinn, táimid ag brath ar bhreosla iontaise chun níos mó ná 90% dár riachtanais fuinnimh a sholáthar. Is gá dúinn foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt chun an spleáchas sin a mhaolú.

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:

- Cur síos a dhéanamh ar na hiarmhairtí fadtréimhseacha a bhaineann lenár róspleáchas ar bhreoslaí iontaise.
- Cur síos a dhéanamh ar na hathruithe is gá dúinn a dhéanamh chun soláthar inbhuanaithe fadtréimhseach fuinnimh a sholáthar, ar féidir brath air.

Gearrthóga Ecoeye – Úsáid inbhuanaithe acmhainní

Fuinneamh gaoithe – cumhacht tiomána na todhchaí

Tá sé socraithe mar sprioc ag an Rialtas 40% dár gcuid aibhléise a tháirgeadh as acmhainní in-athnuaite faoi 2020. Is dúshlán é sin, toisc sinn a bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise maidir le 90% dár riachtanais fuinnimh. Sa ghearrthóg seo, tá iniúchadh á dhéanamh ag Duncan ar fhuinneamh gaoithe agus eolas á chlos aige faoi na dúshláin agus na deiseanna atá ann dúinne maidir le húsáid níos mó a bhaint as an bhfuinneamh glan glas seo.

Breathnaigh ar na gearrthóga agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Sula gcuirfidh tú tús leis an obair seo, cinntigh go dtuigeann tú téarmaí na sreabhchairte thíos

Acmhainní



Tuiscint

Fuinneamh gaoithe - cumhacht tiomána na todhchaí

1. Cad iad na fadhbanna maidir lenár spleáchas ar ghual agus ar ghás mar phríomhfhoinsí fuinnimh?

_____

_____

_____

2. Caithfidh ár soláthar aibhléise sa todhchaí a bheith:

So……. Solúbtha

Se……. Seasmhach

Slán ….. …… ……. Slán sábháilte le haghaidh na todhchaí

Íseal …. …….. ……. Ar leibhéal íseal astuithe carbóin

Cad iad na fadhbanna maidir le stáisiún cumhachta Ghob na Muine?

_____

_____

_____

3. Tá stáisiúin ina bhfuil comhchiogal gáis dolúbtha mar chúl taca le fuinneamh gaoithe nuair nach mbíonn gaoth ann, toisc:

_____

_____

_____

4. Toisc suímh iargúlta ár stáisiún cumhachta, caithfimid na nithe seo a leanas a dhumpáil...

_____

_____

5. Cén fáth ar cheart d'Éirinn airgead a chaitheamh ar fuinneamh gaoithe a fhorbairt, dar leatsa?

_____

_____

6. Caithfidh _____% den chumhacht a ghintear teacht as foinsí in-athnuaite faoi _____

7. Táirgimid _____ meigeavata aibhléise as fuinneamh gaoithe anois. Faoi 2020, is gá dúinn _____ meigeavata a tháirgeadh.

8. Faoi 2020, tiocfaidh fás ____% ar ár n-éileamh ar áibhléis. Cad as a dtiocfaidh an aibhléis sin?

_____

9. Chun infheisteoirí a spreagadh le fuinneamh gaoithe a fhorbairt, caithfidh Rialtas na hÉireann "dreasachtaí" a sholáthar. Cad is dreasacht ann?

_____

_____

10. Cén ról a imríonn Eirgrid?

_____

_____

11. Chomh maith leis sin, is féidir linn micreafhuinneamh a úsáid chun leas a bhaint as fuinneamh gaoithe. Luaigh samplaí san fhíseán:

_____

_____

12. Chun micreafhuinneamh a fhorbairt, caithfimid:

a) _____

b) _____

Fairsingiú Gníomhaíochtaí

Obair i ngrúpaí

Liathróid shneachta straitéis obair i ngrúpaí ar féidir leas a bhaint aistí ar an mbealach thíos)

- Pléann péirí daltaí ceist nó déanann ransú smaointe ar roinnte smaointe tosaigh.
- Ansin tagann na péirí le chéile mar ghrúpaí ceathrar agus leanann leis an bpróiseas.
- Ansin tagann na grúpaí ceathrar le chéile mar ghrúpaí ochtar chun smaointe a chur i gcomparáid.
- Straitéis úsáideach is ea í seo chun plé agus díospóireacht a spreagadh sa rang.

Obair léarscáile/TF

Logáil isteach ar http://maps.scoilnet.ie/. Oscail an léarscáil OSI 1:50,000 agus an t-aerghrianghraf.

- Láithreáin iomchuí a aithint chun feirmeacha gaoithe a shuiteáil ar chósta thiar na hÉireann.
- Scríobh síos na fáthanna maidir leis an easnamh lonnaíocht a sna ceantair sin.
- Scríobh síos na fáthanna gur láithreáin iomchuí iad sin, nó a mhalairt agus fáthanna ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag áitritheoirí áitiúla le cur ina gcoinne.
- Is féidir leat "Sciorradh talún Dhoire Uí Bhriain" a ghúgláil chun an toipic thuas a fhorbairt.

Nó

Obair i ngrúpaí – "Canna péisteanna

When a controversial topic is discussed, it is often said that it "opens a can of worms". Make a tin and print off thin strips of pink card (these are the worms), each one with a statement relating to

the pros and cons of developing wind energy. Fill the tin; students have to talk about the contents for one minute. Vary the difficulty of the worms.

Obair aonair

- Logáil isteach ar shuíomh Met Éireann http://www.met.ie/climate/wind.asp agus ar shuíomh http://www.dpenergy.com/about%20wind/aboutwindenergy.htm
- Scrúdaigh na rósléaráidí. Scríobh cuntas gearr ar threo na gnáthghaoithe, ar na luasanna gaoithe agus ar chumas na hÉireann maidir le cumhacht gaoithe a fhorbairt.